# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2008**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 12 Meitheamh: Tráthnóna, 2.00 – 4.30 pm**

**Treoracha**

Freagair trí cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn 1 (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD – go dtí an Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).

Is cóir sceitsí agus léaráidí a úsáid nuair is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt do na ***léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo*** mar is gá.

# ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Is samplaí de mhiotalóireacht ón tréimhse réamh-Chríostaí in Éirinn iad an torc agus an scornán atá ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a d'fhéadfadh a bheith ag gach ceann den dá earra?
(b) Déan cur síos agus plé ar an gcaoi a ndearnadh agus ar maisíodh gach earra díobh.
(c) Ainmnigh agus sceitseáil píosa amháin eile de mhiotalóireacht réamh-Chríostaí a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**2.** **Tá Ardchros Mhuiridhigh i Mainistir Bhuithe, Contae Lú** ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos ar a struchtúr.
(b) Déan cur síos ar a maisiúchán.
(c) Ainmnigh agus sceitseáil Ardchros eile a ndearna tú staidéar uirthi.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí*.

3. **Tá an doras Rómhánúil in Ardeaglais Chluain Fearta, Contae na Gaillimhe**, ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos ar an maisiúchán ar an doras Rómhánúil Éireannach seo.
(b) Tarraing léaráid de phíosa den mhaisiúchán fíorach ón doras seo.
(c) Ainmnigh sampla amháin eile den ailtireacht Rómhánúil Éireannach a ndearna tú staidéar air agus scríobh cuntas gearr air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**4.** Sampla den Ailtireacht Sheoirseach í **Cearnóg Phery** i **Luimneach** atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos ar an gCearnóg Sheoirseach seo.
(b) Sceitseáil ceann dá gnéithe coitianta Seoirseacha.
(c) Ainmnigh foirgneamh Seoirseach ar bith eile a ndearna tú staidéar air agus scríobh cuntas gearr air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí*.

**5.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh pictiúr ealaíne ar bith le Jack B. Yeats a ndearna tú staidéar air.
(b) Déan cur síos ar an bpictiúr ealaíne seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicníocht phéintéireachta agus úsáid na ndathanna.

(c) Luaigh roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar Jack B. Yeats.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí*.

**6.** Tá saothar dealbhóireachta poiblí le John Burke, dar teideal **'Cairdinéal Dearg',** ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar dealbhóireachta seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- suíomh
- scála
- cruth
- dath agus solas.

(b) Cad iad na dea-thréithe a bhaineann leis an saothar dealbhóireachta seo, dar leat?
(c) Cad iad na rudaí tábhachtacha atá le cur san áireamh agus píosa de shaothar dealbhóireachta poiblí á roghnú do shuíomh áirithe, dar leat?
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**7.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Roghnaigh saothar le duine amháin de na healaíontóirí seo a leanas agus ainmnigh é: Evie Hone, Louis Le Brocquy, Alice Maher, Robert Ballagh, Pauline Bewick.
(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicníochtaí agus comhábhair a úsáideadh.

(c) Luaigh roinnt eolais ghinearálta faoin ealaíontóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

## ROINN II - Ealaín na hEorpa (1000 AD- an Lá Inniu)

**8.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an Ailtireacht Ghotach faoi na ceannteidil seo a leanas:
- dealramh iomlán
- gnéithe ailtireachta.

(b) Ainmnigh foirgneamh ar an stíl Ghotach.
(c) Tarraing léaráid de ghné amháin ón bhfoirgneamh Gotach atá ainmnithe agat agus déan cur síos uirthi.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**9.** Tá **'Primavera'** le Sandro Botticelli (1445-1510) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- dath.

(b) Ainmnigh saothar amháin eile le Botticelli agus déan cur síos gearr air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**10.** Ealaíontóir tábhachtach de chuid an Ard-Renaissance é Leonardo da Vinci (1452-1519).
Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh pictiúr ealaíne **amháin** leis, agus déan cur síos agus plé air faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicníocht
- úsáid dathanna.

(b) Luaigh roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar an ealaíontóir seo.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**11.** Tá **'An Beár ag na Folies-Bergère'** le Édouard Manet (1832-1883) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- dath agus obair scuaibe.

(b) Ainmnigh agus déan cur síos ar shaothar amháin eile le Manet.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**12.** Roghnaigh **ceann amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):
**'David'** le Donatello (1386-1466)
**'Na hAmbasadóirí'** le Holbein (1497-1543)
**'Eacstais Naomh Treasa'** le Bernini (1598-1680)
**'Cairt an Fhéir'** le Constable (1776-1837)
**'Lón an Luchta Bádóireachta'** le Renoir (1841-1919)
**'Seomra Leapa an Ealaíontóra'** le Van Gogh (1853-1890)

(a) Déan cur síos ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- stíl
- meán.

(b) Luaigh roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar ealaíontóir an tsaothair a roghnaigh tú.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**13.** 'Léiríonn **'Guernica'** le Pablo Picasso (1881-1973) uafáis na cogaíochta agus tá sé ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- siombalachas
- teicníocht agus dathanna.

(b) Ainmnigh saothar amháin eile le Picasso agus déan cur síos air.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

# ROINN III – Léirthuiscint na hEalaíne

**14.** Tugann Comórtas na mBailte Slachtmhara spreagadh do dhaoine a bheith mórtasach as a dtimpeallacht.
Freagair (a) agus (b).
(a) Cad iad na feabhais a d'fhéadfadh Comórtas na mBailte Slachtmhara a chur ar an mbaile, ar an sráidbhaile nó ar an eastát tithíochta ina gcónaíonn tú, dar leat? Bíodh na ceannteidil seo a leanas mar chúnamh le do fhreagra:
- smacht ar bhruscar
- spásanna oscailte
- foirgnimh.

(b) Sceitseáil plean feabhais do phlandú agus do thírdhreachadh a chuirfeadh feabhas ar áit phoiblí in aice le d'áit chónaithe féin.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**15.** Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh gailearaí nó músaem ar thug tú cuairt air le déanaí.
(b) Déan cur síos ar leagan amach na dtaispeántas sa ghailearaí nó sa mhúsaem.
(c) Déan cur síos mion ar thaispeántán **amháin** a bhí suimiúil, i do thuairim féin.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**16.** Baineann gnólachtaí úsáid as T-léinte go minic mar mheán fógraíochta.
Freagair (a) agus (b).
(a) Cad iad na rudaí is mó a chuirfeá san áireamh dá n-iarrfaí ort T-léine a dhearadh chun gnólacht a fhógairt?
(b) Déan dearadh do T-léine do cheann amháin díobh seo a leanas:
- ionad garraíodóireachta
- bialann veigeatórach
- siopa ceoil.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**17.** Tá athrú suntasach tagtha ar dhearadh na bhfón póca ó tugadh isteach den chéad uair iad.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar na tréithe a bhaineann le fón póca dea-dheartha, faoi na ceannteidil seo a leanas:
- bunábhair
- cruth
- stíl
- éascaíocht úsáide.

(b) Sceitseáil stíl fóin a thaitníonn leat féin. Lipéadaigh a chuid feidhmeanna agus gnéithe.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**18.** Cuireann spárálaithe scáileáin leis an taitneamh físiúil a bhaintear as ríomhairí.
Freagair (a) agus (b).

(a) Roghnaigh agus sceitseáil píosa ealaíne as an staidéar a rinne tú ar ealaín na hÉireann nó na hEorpa le húsáid mar spárálaí scáileáin ar do ríomhaire féin. Luaigh fáthanna le do rogha.

(b) Sceitseáil dearadh do dheilbhín i gcomhair fillteán barr deisce chun comhaid de nótaí ar Stair na hEalaíne a choimeád. Luaigh fáthanna le do rogha.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**19.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh scannán beoghníomhaíochta ar bhain tú taitneamh as le déanaí.

(b) Déan cur síos agus plé ar an gcaoi ar mhéadaigh na teicníochtaí scannánaíochta a úsáideadh ar an taitneamh a bhain tú as an scannán seo. Úsáid na ceannteidil seo a leanas i do fhreagra:

- suímh
- feisteas
- éifeachtaí speisialta
- obair cheamara.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**20.** '**Christy Ring**' an teideal ar shaothar dealbhóireachta le Seán McCarthy ***agus tá sé léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan plé ar an gcaoi a léiríonn an píosa dealbhóireachta seo gníomhaíocht spóirt. Úsáid na ceannteidil seo a leanas:

- foirm
- uigeacht
- gluaiseacht
- solas.

(b) Tarraing léaráid de smaoineamh de do chuid féin i gcomhair píosa dealbhóireachta poiblí chun **an lúthchleasaíocht** a chomóradh, agus déan plé ar an smaoineamh.

(c) Luaigh cén áit arbh fhéidir do dhearadh a chur ar taispeáint agus na fáthanna leis sin.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**